# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2013

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1)** Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gcomhdháil mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gcomhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2)** Ní mór don scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3)** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gcomhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4)** Ní ceart don scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5)** Dírítear aird an scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **6** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT(40marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

**1)** Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

**2)** Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir **amháin** a roghnú i ngach cás.

**3)** Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

**40**

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5.**, **Ceist 6.:** (**a**) *agus* (**b**) an ceann, = (4 + 3) x 5 = **35 mharc**
- **Ceist 2.** tá pointe **amháin** eolais á lorg: = **5 mharc**

Iomlán do Roinn I (C.T.) = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

**30**

### Ceist 1. (30 marc)

= 5 mharc x 6 **= 30 marc**

Iomlán do **Cheist 1**. **= 30 marc**

**40**

### Ceist 2. (40 marc)

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 2., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5**. = 7 marc x 5 = **35 marc**
- **Ceist 6**.: tá **dhá** phointe eolais á lorg: = 3 + 2 = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 2**. = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

**50**

### Ceist 3. (50 marc)

**(a)** **C.1.**(15) + **C.2**.(5) + **C.3**.(5) = **25 mharc**
**(b)** **C.1.**(15) + **C.2**.(5) + **C.3**.(5) = **25 mharc**

Iomlán do **Cheist 3**. = (**a**) 25 + (**b**) 25 = **50 marc**

# ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

**25**

## Ceist 4. (25 mharc)

**An Tasc –** Cárta Poist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**

**25**

## Ceist 5. (25 mharc)

**An Tasc –**Teachtaireacht / cuireadh ríomhphoist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Cuireadh a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil cuireadh ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**

## 30 Ceist 6. (30 marc) (a) *nó* (b):

(a) **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc**

*NÓ*

(b) **An Tasc –** Foirm Iarratais a chomhlánú

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An t-Eolas Cuí** (8 x 2 mharc) **=** 16 + (9 x 1 mharc) **= 25 mharc**

**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach.
   **Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

2) Iarrthóirí a **d'úsáid:** scríobhaí, téipthaifeadán, próiseálaí focal nó ríomhaire.
   **Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar '**drochlitriú'** ná 'ar **easpa cruinneas gramadaí'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhtuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6.**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

**1 → 2**; **2 / 3 → 4**; **4 / 5→ 5**.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach**, taobh **amuigh.**

# Aguisín

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Móriomlán na Marcanna | 240 |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH - MAIDIN 11.45 go dtí 1.45**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| **Nóta**: Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. ☞ | |

ROINN I CLUASTUISCINT

| CEIST | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| MARC | 7 | 5 | 7 | 7 | 7 | 7 |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| | CEIST | MARC |
| ROINN II | 1 | 30 |
| | 2 | 40 |
| | 3 | 50 |
| ROINN III | 4 | 25 |
| | 5 | 25 |
| | 6 | 30 |
| | IOMLÁN | 200 |
| | CLUASTUISCINT | 40 |
| | **MÓRIOMLÁN** | 240 |
| | GRÁD | A |

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.


## Ceist 1.

### An Téacs

*Is mise Rónán. Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh. Téann mé go dtí scoil na mBráithre. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Tá mé i mbliain a trí anois. Is maith liom Gaeilge agus Béarla. Ní maith liom Mata. Téann mé go dtí an phictiúrlann le mo chairde ag an deireadh seachtaine.*

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Rónán ina chónaí?










[ ] [ ] [√] [ ]

**= 4 mharc**

**Ceist 1 (b)** Cad é an t-ábhar **nach** maith leis?

| | |
|---|---|
| Mata | √ |
| Béarla | |
| Gaeilge | |

**= 3 mharc**


**Ceist 1 = 7 marc**

## Ceist 2.

### An Téacs

**Bean:** *Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail, an bhfuil a fhios agat cá bhfuil oifig an phoist?*
**Fear:** *Tá, cinnte. Téigh síos go dtí na soilse tráchta. Cas ar chlé. Feicfidh tú oifig an phoist díreach ansin in aice leis an mbanc.*
**Bean:** *Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail.*
**Fear:** *Tá fáilte romhat.*

**Ceist 2** Cá bhfuil an bhean ag dul?










[√] [ ] [ ] [ ]

**= 5 mharc**



**Ceist 2 = 5mharc**

### Ceist 3.

**An Téacs**

*Agus anois an aimsir. Titfidh báisteach throm i rith na hoíche anocht agus beidh tuillte in áiteanna . Glanfaidh na ceathanna go luath ar maidin agus beidh sé tirim ar fud na tíre amárach. Beidh an teocht is airde idir aon chéim déag Celsius agus ceithre chéim déag Celsius.*

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann anocht?

| | | |
|---|---|---|
| √ | | |

**= 4 mharc**

**Ceist 3 (b)** Cén sórt aimsire a bheidh ann amárach?

| | |
|---|---|
| Tirim | √ |
| Gaofar | |
| Fliuch | |

**= 3 mharc**



**Ceist 3 = 7 marc**

### Ceist 4.

**An Téacs**

*Chuaigh an rang chuig an trá inné. D'fhág siad an scoil ar a naoi a chlog. Bhí áthas ar gach duine. Shroich siad an trá ar a haon déag a chlog. Bhí an aimsir go hálainn. Chuaigh siad ag snámh san fharraige. Bhí picnic acu ar a haon a chlog. D'imir siad sacar ar an ghaineamh. Chuaigh siad abhaile ar a sé a chlog.*

**Ceist 4 (a)** Cá raibh an rang inné?


| | | |
|---|---|---|
| √ | | |

**= 4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cén t-am a ndeachaigh siad abhaile?

| | |
|---|---|
| 11.00 a.m. | |
| 4.00 p.m. | |
| 6.00 p.m. | √ |

**= 3 mharc**

**Ceist 4 = 7 marc**

## Ceist 5.

**An Téacs**

| | |
|---|---|
| **Máire:** | *Haigh, a Bhríd, conas atá tú?* |
| **Bríd:** | *Go dona.* |
| **Máire:** | *Cad atá ort?* |
| **Bríd:** | *Níl cead agam dul go dtí an dioscó oíche Dé hAoine.* |
| **Máire:** | *Cén fáth?* |
| **Bríd:** | *Tá mo mháthair ar buile liom.* |
| **Máire:** | *Cad a rinne tú?* |
| **Bríd:** | *Bhí mé ag pleidhcíocht sa rang ar an Luan. Chuir an príomhoide glaoch ar mo Mham. Tá mam ar buile. Ní bheidh cead agam dul amach go ceann míosa.* |
| **Máire:** | *Oh. Is uafásach an scéal é sin. An bhfuil sí dáiríre?* |
| **Bríd:** | *Tá sí lán-dáiríre.* |
| **Máire:** | *Cad a dúirt Pól?* |
| **Bríd:** | *Níor inis mé an scéal dó fós.* |
| **Máire:** | *Éist liom anois. Rachaidh mise chun cainte le do mham agus déarfaidh mé léi gur dioscó speisialta é seo. B'fhéidir go dtabharfaidh sí cead duit dul.* |
| **Bríd:** | *Go raibh míle maith agat. Tá súil agam go n-éistfidh sí leat.* |

**Ceist 5 (a)** Conas atá Bríd?

| | |
|---|---|
| Go maith | √ |
| Go measartha | |
| Go dona | |

**= 4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cé a chuir glaoch ar a mam?

| | |
|---|---|
| Pól | |
| An Príomhoide | √ |
| Máire | |

**= 3 mharc**

**Ceist 5 = 7 marc**

## Ceist 6.

**An Téacs**

| | |
|---|---|
| **Pól:** | *A Sheáin, fan liom.* |
| **Seán:** | *Oh, ní fhaca mé ansin thú.* |
| **Pól:** | *Cá bhfuil tú ag dul?* |
| **Seán:** | *Táim ag dul go dtí siopa na ríomhairí.* |
| **Pól:** | *Cén fáth?* |
| **Seán:** | *Chun mo ríomhaire a fháil.* |
| **Pól:** | *Do ríomhaire?* |
| **Seán:** | *Sea. Bhí sé briste agus d'fhág mé isteach sa siopa é.* |
| **Pól:** | *Cad atá mícheart leis.* |
| **Seán:** | *Níl a fhios agam. Bhí mé ar an idirlíon cúpla oíche ó shin agus stop sé go tobann.* |
| **Pól:** | *Cad a dúirt fear an tsiopa.* |
| **Seán:** | *Ní raibh a fhios aige. An dtiocfaidh tú liom go dtí an baile mór?* |
| **Pól:** | *Oh! Ní féidir liom.* |
| **Seán:** | *Cén fáth?* |
| **Pól:** | *Caithfidh mé an garáiste a ghlanadh tar éis na scoile. Tá Daid tar éis carr nua a cheannach.* |
| **Seán:** | *Féach, seo an bus. Feicfidh mé amárach thú. Slán.* |
| **Pól:** | *Slán leat.* |

**Ceist 6 (a)** Cá bhfuil Seán ag dul?

| | |
|---|---|
| Go dtí siopa na ríomhairí | √ |
| Go dtí an leabharlann | |
| Go dtí an scoil | |

**= 4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cad a dhéanfaidh Pól tar éis na scoile?

| | |
|---|---|
| Déanfaidh sé an obair bhaile | |
| Glanfaidh sé an garáiste | √ |
| Rachaidh sé go dtí an siopa | |

**= 3 mharc**

**Ceist 6 = 7 marc**

**Iomlán do Chuid 1**

(Cuirtear na marcanna do Cheisteanna 1-6 agus amn t-iomlán do Roinn 1 (C.T.) sna greillí ar an gclúdach)

## Roinn 1 = Cluasthuiscint = 40 marc


| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

30

**(a)** Ciúnas, le do thoil. Tá scrúdú ar siúl.
**(b)** Bhuaigh Róisín duais sa chomórtas eolaíochta.
**(c)** Caith crios sábhála i gcónaí.
**(d)** Ghortaigh Bríd a cos ag imirt cispheile.
**(e)** Is féidir an t-idirlíon a úsáid anseo.
**(f)** Fan amach. Tá tarbh dainséarach sa pháirc.



**Caith crios sábhála i gcónaí.** **(5 mharc)**




**Is féidir an t-idirlíon a úsáid anseo.** **(5 mharc)**



**Bhuaigh Róisín duais sa chomórtas eolaíochta.** **(5 mharc)**




**Ciúnas, le do thoil. Tá scrúdú ar siúl.** **(5 mharc)**



**Fan amach. Tá tarbh dainséarach sa pháirc.** **(5 mharc)**



**Ghortaigh Bríd a cos ag imirt cispheile.** **(5 mharc)**

**C.1 =** 30 marc

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **30** |
|---|---|

**Thall ➔**

**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

40

# Club Spóirt Naomh Bríd, Áth Luain



## Turas Lae go dtí Ionad Spóirt an Chnoic

### Dé hAoine, 14 Iúil 2013

| | |
|---|---|
| 8.00 a.m. | Bualadh le chéile ag an gclubtheach. |
| 8.15 a.m. | Bus go dtí Ionad Spóirt an Chnoic, Baile Nua. |
| 9.15 a.m. | Rásaí amuigh ar an raon reatha. |
| 11.00 a.m. | Sos. |
| 11.15 a.m. | Snámh sa linn snámha. |
| 12.30 p.m. | Lón i mbialann an Ionaid Spóirt. |
| 1.30 p.m. | Cluichí sa halla – cispheil, badmantan, leadóg bhoird. |
| 2.30 p.m. | Cluiche peile measctha – buachaillí agus cailíní. |
| 3.30 p.m. | Scannán sa halla mór. |
| 5.00 p.m. | Béile i mbialann i Móta |
| 5.30 p.m. | Bus abhaile go dtí an clubtheach. |

Ticéid €20, ar fáil ó Rúnaí an chlub.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Club Spóirt Naomh Bríd?

| | |
|---|---|
| Áth Luain | √ **(7 marc)** |
| Baile Nua | |
| Móta | |

**2.** Conas a rachaidh siad go dtí an tIonad Spóirt?

| | |
|---|---|
| Ag siúl | |
| Ar an mbus | √ **(7 marc)** |
| Ag rásaíocht | |

**3.** Cén t-am a rachaidh siad ag snámh?

| | |
|---|---|
| 11.00 a.m. | |
| 11.15 a.m. | √ **(7 marc)** |
| 1.30 p.m. | |

**4.** Cá mbeidh an scannán acu?

| | |
|---|---|
| Ar an raon reatha | |
| Sa linn snámha | |
| Sa halla mór | √ **(7 marc)** |

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €20.00 | √ **(7 marc)** |
| €14.00 | |
| €10.00 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis** 3.30 p.m.

1. **Beidh béile i mbialann i Móta acu**. **(3 mharc)**
2. **Bus abhaile go dtí an clubtheach. / Scannán sa halla mór.** **(2 mharc)**

| **Don scrúdaitheoir Iomlán reatha→** | **30 + 40** | = | **70** |
|---|---|---|---|

**C.2 =** 40 marc

**CEIST 3**. Freagair (**a**) *agus* (**b**). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

50

**(a)** **Donal Skehan – Ceoltóir agus Cócaire** **(25 marc)**

Rugadh Donal Skehan i mBinn Éadair, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1986. Tá sé ina chónaí ansin fós. Nuair a bhí sé an-óg bhí suim mhór aige sa cheol agus sa chócaireacht. Thosaigh sé ag cócaireacht nuair a bhí sé ceithre bliana d'aois.

Sa bhliain 2007 thosaigh sé ag scríobh blaganna faoin mbia is fearr leis. Thaitin na blaganna lena lán daoine agus iarradh air leabhar cócaireachta a fhoilsiú. Scríobh sé a chéad leabhar, *Good Mood Food*, sa bhliain 2009. Tá trí leabhar cócaireachta scríofa aige anois.

Chuir sé clár teilifíse i láthair ar RTÉ in 2011 agus arís in 2012. *Kitchen Hero* an teideal a bhí ar an gclár sin agus d'fhéach a lán daoine air.

Tá suim mhór aige sa cheol freisin. Bhí sé sa bhanna ceoil *Industry*. Sa bhliain 2009, bhí dhá shingil acu ag uimhir a haon sna cairteacha in Éirinn.

**Donal Skehan**



**1.** Cár rugadh Donal Skehan?

**<u>Rugadh Donal Skehan i mBinn Éadair, Baile Átha Cliath.</u>** **(15 mharc)**

**2.** Cathain a scríobh sé a chéad leabhar?

| | |
|---|---|
| 1986 | |
| 2011 | |
| 2009 | √ **(5 mharc)** |

**3.** Cad é an banna ceoil ina raibh sé?

| | |
|---|---|
| Good Mood Food | |
| Industry | √ **(5 mharc)** |
| Kitchen Hero | |

**C.3(a)** = <u>25 marc</u>

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **70** + **50** | = | **120** |
|---|---|---|---|

**(b)** **(25 marc)**

# Kristen Stewart – Aisteoir óg den scoth

Rugadh Kristen Stewart ar 9 Aibreán 1990 in Los Angeles, California. Tá cúigear sa teaghlach – a tuismitheoirí John agus Jules, agus a deartháireacha Cameron, Dana agus Taylor.

Tá Kristen ag obair mar aisteoir ó bhí sí an-óg. Tugadh a tallann faoi deara ar dtús i ndráma scoile nuair nach raibh sí ach ocht mbliana d'aois. Ina dhiaidh sin fuair sí rólanna beaga i gcláir éagsúla ar an teilifís.

Tugadh moladh mór di nuair a bhí ról aici sa scannán *Panic Room* in 2002. Fuair sí ainmniú don aisteoir óg ab fhearr dá bharr. Ach cuireadh aithne uirthi ar fud an domhain mar Bella Swan sa scannán *Twilight* in 2008.

Tá Kristen Stewart ar dhuine de mhóraisteoirí Hollywood inniu de bharr na scannán *Twilight Saga: New Moon* (2009), *Eclipse* (2010), *Breaking Dawn - Páirt 1 & 2* (2011-2012). Tá na scannáin bunaithe ar shraith leabhar faoi vaimpírí le Stephanie Meyers.



**Kristen Stewart**

**1.** Cár rugadh Kristen Stewart?

**<u>Rugadh Kristen Stewart in Los Angeles,/ California.</u>** **(15 mharc)**

**2.** Cén aois a bhí aici nuair a tugadh a tallann faoi deara ar dtús?

| | |
|---|---|
| 7 mbliana | |
| 8 mbliana | √ **(5 mharc)** |
| 9 mbliana | |

**3.** Cén scannán ina raibh Kirsten nuair a cuireadh aithne uirthi ar fud an domhain?

| | |
|---|---|
| The Hobbit | |
| Harry Potter | |
| Twilight | √ **(5 mharc)** |

**C.2(b)** = <u>25 marc</u>

| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|


**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(25 marc)**

Féach ar an bpictiúr thíos.

25

# Saoire Cois Farraige i nGaillimh




Tá tú ar laethanta saoire san áit seo le do theaghlach. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**Cárta Poist**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i)Leagan Amach: = (8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)**
**= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide**
= **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge**
**= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 4 = 25 mharc**

______________________
______________________
______________________
______________________
______________________

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**C.4** = 25 marc

**CEIST 5.** **(25 marc)**

Léigh an **fógra** seo.

25



**Ceolchoirm**

***One Direction***

**San O2**

**Dé Sathairn, 15 Meitheamh, 2013**

**Ticéid €50 ar fáil ar líne:**
**www.ticketmaster.ie**

**Doirse ar oscailt 7.00 p.m.**

Fuair tú cuireadh ó do chara teacht leis/léi go dtí an cheolchoirm seo. Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuige/chuici ag tabhairt **freagra** ar an gcuireadh agus ag rá an mbeidh tú ag dul. Is tusa **Séamas** *nó* **Siobhán**.

**TEACHTAIREACHT RÍOMHPHOIST**

**An Tasc –**Teachtaireacht / cuireadh ríomhphoist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Cuireadh a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil cuireadh ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

<u>Iomlán do **Cheist 5 = 25 marc**</u>

**C.5** = <u>25 marc</u>

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 145 + 25 | = | 170 |
|---|---|---|---|


**CEIST 6.** Freagair (**a**) *nó* (**b**). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tú ag **Ceolchoirm na Scoile**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh faoin gceolchoirm in Iris na Scoile.

30

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**CEOLCHOIRM NA SCOILE**




*ALT*

**(a)** **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

i) **Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

ii) **Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

iii) **Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 6** (**a**) **= 30 marc**

**C.6(a)** = 30 marc

| | | | |
|---|---|---|---|
| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | **170 + 30** | = | **200** |

**_NÓ_**

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil sa bhialann, *An Béile Blasta*.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos.

***BIALANN – AN BÉILE BLASTA***

***Foirm Iarratais***

Ainm: ______________________________ **= 2 mharc**

Seoladh:______________________________

______________________________ **= 2 mharc**

Aois: ______________________________ **= 2 mharc**

Dáta Breithe: ______________________________ **= 2 mharc**

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________ **= 2 mharc**

An raibh post páirtaimseartha agat roimhe seo? ______________________________ **= 2 mharc**

An maith leat bualadh le daoine? ______________________________ **= 2 mharc**

An féidir leat béile a ullmhú? ______________________________ **= 2 mharc**

Cén sórt bia is fearr leat féin? ______________________________ **= 2 mharc**

Conas a thiocfaidh tú go dtí an bhialann? ______________________________ **= 1 mharc**

Luaigh caitheamh aimsire amháin atá agat ______________________________ **= 1 mharc**

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ar an Domhnach? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén t-am ba mhaith leat tosú ag obair gach lá? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén lá den tseachtain ba mhaith leat a bheith saor? ______________________________ **= 1 mharc**

Síniú: ______________________ **= 1 mharc**

Dáta: ______________________ **= 1 mharc**

Tá dhá chuid sa mharcáil anseo:
**i) An t-Eolas Cuí** (9 x 2 mharc) = 16 + (7 x 1 mharc) **= 25 marc**
**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**

**C.6(b)** = 30 marc